**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Unimax Stationery na costais a íoc.

---

([1]) IO C 338, 23.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – TL v an Coimisiún**

**(Cás T-438/21)** ([1])

***(Seirbhís Shibhialta – Foireann shealadach – Conradh ar théarma seasta – Cinneadh gan an conradh a athnuachan – Fógra Folúntais – Earráid fhollasach bhreithmheasa – Dualgas cúraim – Ciapadh síceolaíoch – Dliteanas)***

(2022/C 359/82)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TL (ionadaithe: L. Levi agus N. Flandin, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Mongin agus M. Brauhoff, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena caingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfar an cinneadh ó údarás an Choimisiúin Eorpaigh a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích an 29 Deireadh Fómhair 2020 gan a conradh fostaíochta a athnuachan agus, a mhéid is gá, cinneadh an 20 Aibreán 2021 lena ndéantar a gearán a dhíbhe faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh i gcoinne an chinnidh sin a chur ar neamhní, agus, ar an dara dul síos, ar chúiteamh as an damáiste a bhain di, dar léi, mar gheall ar na gníomhartha sin.

**Ábhar**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do TL na costais a íoc.

---

([1]) IO C 357, 6.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Purasac v EUIPO – Prollenium Medical Technologies (Rejeunesse)**

**(Cás T-543/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh Rejeunesse – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh roimhe sin REVANESSE – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 359/83)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Purasac Co. Ltd (Anyang-si, An Chóiré Theas) (ionadaí: P. Lee, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Sliwinska agus J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Prollenium Medical Technologies, Inc. (Aurora, Ontario, Ceanada) (ionadaí: R. Lyxell, Dlíodóir)

## Ábhar:

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 2 Iúil 2021 a neamhniú (Cás R 146/2021-4).

## An chuid oibríochtúil

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Purasac Co. Ltd na costais a íoc.

---

(1) IO C 422, 18.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Brand Energy Holdings v EUIPO (RAPIDGUARD)**

**(Cás T-573/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh RAPIDGUARD – Dearbhfhorais le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Easpa leithleachais – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001 – An ceart chun éisteacht a fháil)***

(2022/C 359/84)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Brand Energy Holdings BV (Flardingue, an Ísiltír) (ionadaithe: A. Hönninger agus F. Dechent, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Walicka, i gcáil Gníomhaire)

## Ábhar:

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 30 Meitheamh 2021 a neamhniú (Cás R 294/2021-5).

## An chuid oibríochtúil

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Brand Energy Holdings BV a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

---

(1) IO C 431, 25.10.2021.